

FÓGRA POIBLÍ

Agus aird ar fhorálacha Alt 42B(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946, tugann an Comhchoiste Oibreachais um Ghlantóireacht ar Conradh fógra leis seo gur cheap sé tograí chun luach saothair agus coinníollacha oibre íosta a shocrú d'oibríthe a n-oibríonn an Coiste ina leith.

Tá cóipeanna de na tograí, ar iarratas an Chomhchoiste Oibreachais um Ghlantóireacht ar Conradh, ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte Oibreachais ar www.labourcourt.ie

Féadfaidh aon duine ar mian leo uiríll a dhéanamh maidir leis na tograí i bhfoirm aighneachta i scríbhinn sin a dhéanamh faoina **5.00 i.n., 23 Aibreán 2025.**

Ba cheart uiríll a sheoladh tríd an bpost chuig: An Rúnaí, An Comhchoiste Oibreachais um Ghlantóireacht ar Conradh, Áras Lansdún, Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4, nó ar ríomhphost go jlcsecretary@enterprise.gov.ie.

Ní bhreithneofar uiríll a fhaightear i ndiaidh an dáta sin.